Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. fr)**

**7860/22**

**CYBER 108**
**COPEN 118**
**JAI 444**
**COPS 143**
**RELEX 429**
**JAIEX 30**
**TELECOM 138**
**POLMIL 82**
**CFSP/PESC 432**
**ENFOPOL 179**
**DATAPROTECT 95**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 132 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear an chaibidlíocht le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 132 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 132 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.3.2022
COM(2022) 132 final

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear an chaibidlíocht le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an chibearchoireacht fós ina bagairt mhéadaitheach ar shlándáil shaoránaigh agus ghnólachtaí an Aontais Eorpaigh (AE) de réir an Mheasúnaithe Europol ar Bhagairt na Cibearchoireachta Eagraithe ar an Idirlín[1]. Is feiniméan domhanda gan teorainn í an chibearchoireacht, agus le roinnt blianta anuas tá sé ina thosaíocht ag tíortha ar fud an domhain cur leis an gcomhar idirnáisiúnta chun an chibearchoireacht a chomhrac.

Is é Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 2001 maidir le Cibearchoireacht (‘Coinbhinsiún Bhúdaipeist’) an chéad chonradh idirnáisiúnta maidir le cibearchoireacht, lena sainmhínítear cionta a bhaineann le cibearchoireacht, lena bhforáiltear do shraith cumhachtaí agus nósanna imeachta chun cibearchoireacht a imscrúdú, amhail líonraí ríomhaireachta a chuardach agus idircheapadh, agus fianaise leictreonach shlán i ndáil le haon choireacht, agus lena mbunaítear creat don chomhar idirnáisiúnta[2]. Tá Coinbhinsiún Bhúdaipeist oscailte do thíortha nach baill de Chomhairle na hEorpa iad, agus tá tíortha ó gach réigiún geografach tar éis aontú dó. Go dtí seo, tá 66 Stát is Páirtithe ann agus tugadh cuireadh do cheithre cinn déag de thír bhreise aontú leis. Tá sé ina bhunús le reachtaíocht i gcoinne na cibearchoireachta i 80 % de thíortha ar fud an domhain. Glacadh an Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist ag Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an 17 Samhain 2021, léiríonn sé sin go bhfuil an Coinbhinsiún ábhartha i gcónaí mar chreat le haghaidh comhar idirnáisiúnta maidir le cibearchoireacht[3].

An méadú atá tagtha ar an teicneolaíocht faisnéise agus ar fhorbairt mhear na gcóras nua teileachumarsáide agus líonra ríomhaireachta agus úsáid agus mí-úsáid teicneolaíochtaí chun críoch coiriúil, tá an méid sin mar chuid de chlár oibre na Náisiún Aontaithe (NA) freisin. An 21 Nollaig 2010, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 65/230 inar iarradh ar an gCoimisiún um Choireacht a Chosc agus um Cheartas Coiriúil (CCPCJ) sainghrúpa idir-rialtasach neamhiata a bhunú (‘an IEG’) chun staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar fhadhb na cibearchoireachta[4]. Ag an seachtú cruinniú (agus an cruinniú deireanach) a bhí aige ón 6-8 Aibreán 2021, rinne IEG machnamh ar na réamhchonclúidí agus na moltaí uile a mhol Ballstáit na Náisiún Aontaithe[5] agus chomhaontaigh sé na 63 chonclúid agus mholadh a

---

1 2021 Measúnú Europol ar Bhagairt na Cibearchoireachta Eagraithe ar an Idirlíon (iOCTA) www.europol.eu

2 Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht (CETS Uimh. 185), 23 Samhain 2001, https://rm.coe.int/CoERMPublicCommonSearchServices/DisplayDCTMContent?documentId=0900001680081561.

3 Sonraí na dtorthaí (coe.int). An Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht a ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa – Nuacht (coe.int).

4 Rún ón gComhthionól Ginearálta an 21 Nollaig 2010, A/Res/65/230 – E – A/Res/65/230 -Ríomhaire deisce (undocs.org).

5 Tiomsú na réamhchonclúidí agus na moltaí uile a mhol na Ballstáit le linn cruinnithe a bhí ag an nGrúpa Saineolaithe chun Staidéar Cuimsitheach a dhéanamh ar Chibearchoireacht, cruinnithe a tionóladh in 2018, in 2019 agus in 2020: V2101012.pdf (unodc.org).

comhaontaíodh a tharchur chuig CCPCJ[6]. Ina staidéar, níor tháinig IEG ar chomhthoil maidir leis an ngá atá le conradh nua idirnáisiúnta maidir le cibearchoireacht.

Ag an am céanna, chuir roinnt Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe dlús lena n-iarrachtaí chun an conradh sin a chur i gcrích sa phlé a rinne an Tríú Coiste ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Ina dhiaidh sin, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rún 73/187 an 17 Nollag 2018 maidir le 'Cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil'[7]. Ina dhiaidh sin, an 27 Nollaig 2019, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an dara Rún, 74/247, maidir leis an ábhar céanna, lenar bunaíodh coiste saineolaithe idir-rialtasach ad hoc neamhiata ('an Coiste ad hoc') chun coinbhinsiún idirnáisiúnta cuimsitheach a fhorbairt maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil. Sonraíodh sa Rún go raibh ar an gCoiste ad hoc na hionstraimí agus na hiarrachtaí idirnáisiúnta atá ann cheana a chur san áireamh go hiomlán, ar ionstraimí agus iarrachtaí iad ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le dul i ngleic le húsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil, go háirithe obair agus torthaí IEG[8]. An 26 Bealtaine 2021, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rún 75/282 lenar cinneadh na rialacha mionsonraithe le haghaidh na caibidlíochta[9]. Chinn Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, inter alia, gur cheart don Choiste ad hoc sé sheisiún de 10 lá ar a laghad a thionól, agus tús a chur leo in Eanáir 2022, agus seisiún deiridh chun dréacht-choinbhinsiún a chur ar fáil do Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ag an 78ú seisiún a bheidh aige in 2024. Chinn sé freisin gur cheart don Choiste ad hoc an chéad, an tríú agus an séú seisiún idirbheartaíochta a thionól i Nua Eabhrac agus an dara, an ceathrú agus an cúigiú seisiún i Vín. An 20 Eanáir 2022, chinn an Comhthionól Ginearálta an chéad seisiún a chur siar go dtí dáta níos déanaí mar gheall ar staid phaindéim Covid-19 i Nua-Eabhrac.

Is é is aidhm don togra seo rannpháirtíocht iomchuí an Aontais Eorpaigh sa chaibidlíocht sin a áirithiú ós rud é go meastar go bpléifear gnéithe a bhaineann le reachtaíocht agus le hinniúlacht an Aontais le linn na caibidlíochta, go háirithe i réimse na cibearchoireachta. Foráiltear le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas 'chun comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích (...) a mhéid a d'fhéadfadh tabhairt i gcrích an chomhaontaithe difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó raon feidhme na rialacha sin a athrú.' D'fhéadfadh comhaontú idirnáisiúnta difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó raon feidhme na rialacha sin a athrú i gcás ina bhfuil forluí idir an réimse a chumhdaítear leis an gcomhaontú agus reachtaíocht an Aontais nó go gcumhdaítear é den chuid is mó le dlí an Aontais.

Ós rud é go mbaineann an chaibidlíocht le hábhair a bhaineann le hinniúlacht an Aontais seachas CBES, ar ábhair iad a mheastar a bheidh mar phríomhchodanna den chomhaontú atá beartaithe, ba cheart an Coimisiún a cheapadh mar cheannaire ar an bhfoireann caibidlíochta. In ábhair a bhaineann leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, is é Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a dhéanann an chaibidlíocht mar chuid den fhoireann. Áiritheoidh Príomh-Idirbheartaí an Choimisiúin comhsheasmhacht

[6] Tuarascáil ar chruinniú a bhí ag an nGrúpa Saineolaithe chun Staidéar Cuimsitheach ar Chibearchoireacht a sheoladh, cruinniú a tionóladh i Vín ón 6 go dtí an 8 Aibreán 2021: V2102595.pdf (unodc.org).

[7] Rún ón gComhthionól Ginearálta an 17 Nollaig 2018, A/RES/73/187.

[8] Rún ón gComhthionól Ginearálta an 27 Nollaig 2019, A/RES/74/247.

[9] Rún ón gComhthionól Ginearálta an 26 Bealtaine 2021, A/RES/75/282*.

fhoriomlán an chomhaontaithe. Faoi údarás an Phríomh-Idirbheartaí, beidh seirbhísí an Choimisiúin ar thús cadhnaíochta maidir leis na codanna sin den chomhaontú nach mbaineann le CBES agus beidh SEGS ar thús cadhnaíochta maidir leis na codanna sin de na comhaontuithe atá beartaithe a thagann faoi CBES.

Cuirtear an moladh sin faoi bhráid na Comhairle de bhun Airteagal 218 CFAE chun údarú a fháil caibidlíocht a dhéanamh ar choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe amach anseo thar ceann an Aontais Eorpaigh, treoracha caibidlíochta a chur ar fáil, agus an Coimisiún a cheapadh mar idirbheartaí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is tosaíocht de chuid an Aontais é an comhrac i gcoinne na cibearchoireachta, mar a léirítear i Straitéis 2020 an Aontais um an Aontas Slándála[10], agus i Straitéis 2021 um an gCoireacht Eagraithe[11]. Sa tríú tuarascáil ar dhul chun cinn de chuid an Aontais Slándála 2021, gheall an Coimisiún go n-áiritheodh sé rannpháirtíocht éifeachtach an Aontais sa chaibidlíocht le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le ‘cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil’ ar leibhéal na Náisiún Aontaithe[12].

Aithníonn an Coimisiún gur gá acmhainní na n-údarás um fhorfheidhmiú an dlí agus na n-údarás breithiúnach sa réimse sin a chur chun cinn agus a neartú a thuilleadh, chun reachtaíocht náisiúnta maidir le cibearchoireacht a fhorbairt, i gcás nach bhfuil an reachtaíocht sin forbartha go leordhóthanach. Aithníonn sé freisin an gá atá le comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta agus tacaíonn sé le raon clár forbartha acmhainní i roinnt tíortha ar fud an domhain, lena n-áirítear tíortha atá i mbéal forbartha[13]. Thacaigh an Coimisiún leis an obair atá á déanamh ag Sainghrúpa Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe maidir le Cibearchoireacht, Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Choireacht a Chosc agus um Cheartas Coiriúil, Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC), Coiste Choinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht agus comhlachtaí eile.

An chaibidlíocht maidir leis an gcoinbhinsiún idirnáisiúnta, meastar go mbainfidh an chaibidlíocht sin le rialacha comhchoiteanna an Aontais chun an chibearchoireacht a chomhrac. Go háirithe, féadfar a áireamh leis sin Treoir 2011/93/AE maidir le teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar líne agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac[14], lena dtugtar aghaidh ar fhorbairtí nua sa timpeallacht ar líne amhail mealltóireacht (ciontóirí a ligean orthu gur leanaí iad chun mionaoisigh a mhealladh chun críoch mí-úsáide gnéasaí); Treoir 2013/40/AE maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise[15], arb é is aidhm di dul i ngleic le cibear-ionsaithe mórscála trí cheangal a chur ar na Ballstáit dlíthe náisiúnta maidir le cibearchoireacht a neartú agus ardleibhéal smachtbhannaí coiriúla a thabhairt isteach; agus Treoir (AE) 2019/713 maidir le

10 COM(2020) 605 final (27.7.2020).
11 COM(2021) 170 final (14.4.2021).
12 COM(2021) 799 final (8.12.2021).
13 Áirítear leis sin cláir amhail GLACY+, CyberEast agus CyberSouth, cláir arna gcómhaoiniú ag an Aontas agus ag Comhairle na hEorpa agus arna riaradh ag Comhairle na hEorpa.
14 Treoir 2011/93/AE (13.12.2011).
15 Treoir 2013/40/AE (12.8.2013)

calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac[16], lena gcomhchuibhítear iompar coiriúil daoine nádúrtha nó dlítheanacha i ndáil le modhanna íocaíochta neamhairgid agus lena leathnaítear dliteanas coiriúil chuig airgeadraí fíorúla agus tiachóga digiteacha. Le hionstraimí eile de chuid an Aontais, cuirtear rialacha comhchoiteanna ar fáil chun coireanna a chomhrac ar féidir iad a chumasú trí úsáid a bhaint as córais faisnéise, amhail an sceimhlitheoireacht, an gháinneáil ar dhaoine, an gháinneáil aindleathach ar dhrugaí, an gháinneáil aindleathach ar airm, sciúradh airgid, an éillitheacht agus an choireacht eagraithe.

Meastar freisin go gcumhdófar leis an gcaibidlíocht bearta nós imeachta coiriúil agus bearta comhair. Áirítear i gcreat dlíthiúil reatha an Aontais ionstraimí maidir le forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, amhail Treoir 2014/41/AE maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla[17], an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh[18], Rialachán 2018/1727 maidir le Eurojust[19], Rialachán 2016/794 maidir le Europol[20], Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’)[21], Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle maidir le foirne comhpháirteacha imscrúdaithe[22], Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú[23]. Na tograí ón gCoimisiún i mí Aibreáin 2018 maidir le rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach[24], agus an Pacáiste um Chomhair Póilíneachta[25], atá faoi réir nós imeachta reachtach an Aontais faoi láthair, tá siad ábhartha freisin. Tá roinnt comhaontuithe déthaobhacha tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach go seachtrach le tríú tíortha, amhail na Comhaontuithe maidir le Cúnamh Dlí Frithpháirteach idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá agus idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin[26].

---

16 Treoir (AE) 2019/713 (17.4.2019).

17 Treoir 2014/41/AE (3.4.2014).

18 An Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (29.5.2020)

19 Rialachán (AE) 2018/1727 (14.11.2018).

20 Rialachán (AE) 2016/794 (11.5.2016).

21 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle (12.10.2017).

22 Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle (13.6.2022).

23 Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle (30.11.2009).

24 Togra le haghaidh Rialacháin maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla, COM/2018/225 final, agus Togra le haghaidh Treoir lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla, COM/2018/226 final (17.04.2018).

25 Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Comhar Póilíneachta, COM(2021)780, Togra le haghaidh Treoir maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí de chuid na mBallstát, lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle, COM(2021)782, agus Togra le haghaidh Rialachán maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta (‘Prüm II’), COM(2021)784, (8.12.2021).

26 Comhaontú maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (25.6.2003).
Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach in ábhair choiriúla (2009).

Thairis sin, ghlac an tAontas roinnt treoracha lena dtreisítear cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe[27]. Is ceart bunúsach é cosaint sonraí pearsanta, ceart a chumhdaítear in Airteagal 16 CFAE agus in Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)[28] agus Treoir (AE) 2016/680 (an Treoir maidir le Cosaint Sonraí Póilíní)[29]. An ceart bunúsach atá ag daoine aonair go dtabharfaí urraim dá saol príobháideach agus teaghlaigh, dá n-áit chónaithe agus dá gcumarsáid, cumhdaítear an ceart sin freisin in Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Áirítear leis sin urraim a thabhairt do phríobháideachas cumarsáide, chomh maith le trealamh teirminéil an úsáideora a chosaint, mar eilimintí riachtanacha. Ní mór sonraí cumarsáide leictreonaí a phróiseáil i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE (an Treoir maidir leis an Ríomhphríobháideachas)[30].

Ba cheart don chaibidlíocht a áirithiú go mbainfí amach an chosaint is airde is féidir maidir le cearta an duine le forálacha choinbhinsiúin de chuid na Náisiún Aontaithe a bheidh ann amach anseo, agus gur cheart na Ballstáit a bheith in ann dlí an Aontais a chomhlíonadh, agus an fhorbairt a dhéanfar air amach anseo á cur san áireamh freisin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Chuir an tAontas Coinbhinsiún Bhúdaipeist chun cinn go leanúnach mar chreat tagartha dlíthiúil luachmhar solúbtha le haghaidh comhair idirnáisiúnta sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta. Thug sé tacaíocht do thríú tíortha agus iad ag aontú don Choinbhinsiún, rud a chuir ar a gcumas dóibh creat dlíthiúil náisiúnta íosta a thabhairt isteach chun an chibearchoireacht a chomhrac agus chun na cumais imscrúdúcháin agus ionchúisimh is gá a fhorbairt, agus éascaíodh comhar le páirtithe eile sa Choinbhinsiún dá bharr sin[31].

Bhí an tAontas Eorpach, arbh é an Coimisiún ab ionadaí dó, rannpháirteach go gníomhach freisin sa chaibidlíocht maidir leis an Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist[32]. Beidh an Prótacal ar oscailt lena shíniú i mí na Bealtaine 2022. Ós rud é go gcumhdaítear na hábhair a chumhdaítear leis an Dara Prótacal Breise le hinniúlacht eisiach an Aontais, ghlac an Coimisiún, an 25 Samhain 2021, dhá thogra le haghaidh Cinntí ón gComhairle chun údarú a thabhairt do Bhallstáit an Aontais an Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht a shíniú[33] agus a dhaingniú[34], chun leas an Aontais Eorpaigh.

27 Treoir 2010/64/AE (20.10.2010); Treoir 2012/13/AE (22.05.2012); Treoir 2013/48/AE (22.10.2013); Treoir (AE) 2016/1919 (26.10.2016); Treoir (AE) 2016/800 (11.05.2016); Treoir (AE) 2016/343 (9.03.2016).

28 Rialachán (AE) 2016/679 (27.04.2016).

29 Treoir (AE) 2016/680 (27.04.2016).

30 Treoir 2002/58/CE (12.07.2002), arna leasú le Treoir 2009/136/CE (25.11.2009).

31 Féach, mar shampla, Conclúidí ón gComhairle maidir le Cibearthaidhleoireacht, an 10 Feabhra 2015, doiciméad 6122/15.

32 Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir leis an Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht, tagairt 9116/19.

33 Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a shíniú chun leas an Aontais, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht, COM/2021/718 final (25.11.2021).

34 Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais

Dá bhrí sin, ní mór don chaibidlíocht comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a áirithiú le Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht agus leis na Prótacail Bhreise a ghabhann leis.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), foráiltear go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle, agus, ar a dhéanamh sin dó, go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar an chaibidlíocht a thosú agus go n-ainmneoidh sí idirbheartaí an Aontais. De réir Airteagal 218(4) CFAE, féadfaidh an Chomhairle treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní sholáthródh gníomhaíocht aontaobhach rogha eile mar nach mbeadh bonn leordhóthanach ann do chomhar le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad. Tá sé níos éifeachtaí cloí le comhaontú iltaobhach ar nós Coinbhinsiún de chuid na Náisiún Aontaithe a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo, Coinbhinsiún a raibh an tAontas in ann dul i mbun caibidlíochta ina leith, ná dul i mbun caibidlíochta le tíortha aonair nach Ballstáit den Aontas iad ar an leibhéal déthaobhach.

- **Comhréireacht**

Ní théann an tionscnamh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais atá i gceist a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá Moladh ón gCoimisiún le haghaidh Cinnidh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i gcomhréir le hAirteagal 218(3) CFAE, lena bhforáiltear go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle, agus glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D’fhoilsigh an Coimisiún glao ar fhianaise le haghaidh an tionscnaimh seo ar a shuíomh gréasáin an 14 Eanáir 2022, agus bhí sé ar fáil ar feadh ceithre seachtaine chun barúlacha a fháil. Foilsíodh (cúig) freagra aonair ar an nglao ar fhianaise ar shuíomh gréasáin an chomhairliúcháin. Cuireadh na nithe sin san áireamh agus an togra seo á ullmhú.

---

Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht, COM/2021/719 final (25.11.2021).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chuir an Coimisiún san áireamh tuairimí a chuir saineolaithe ó na Ballstáit in iúl le linn an phlé a rinneadh i meithleacha ábhartha na Comhairle agus an chaibidlíocht á hullmhú.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Is dócha go gcumhdóidh an chaibidlíocht gnéithe a d'fhéadfadh cur isteach ar chearta bunúsacha amhail bearta nós imeachta coiriúla, sainmhínithe ar chionta coiriúla a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn d'imeacht choiriúil, nó rochtain ar shonraí príobháideacha duine a fhaightear i gcomhthéacs imeachta choiriúil. Na forálacha atá le caibidliú, d'fhéadfadh cur isteach ar an gceart chun trialach córa, ar an gceart chun príobháideachais agus ar an gceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint a bheith mar thoradh ar na forálacha sin. Ós rud é nár cheart go mbainfeadh rannpháirtíocht sa chaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh an bonn de leibhéal cosanta na gceart bunúsach san Aontas, moltar sa tionscnamh seo ardleibhéal cosanta le haghaidh cearta bunúsacha a shaothrú.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais. D'fhéadfadh costais aonuaire a bheith ar Bhallstáit an Aontais chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme nuair a bheidh an chaibidlíocht tugtha chun críche, ach ní féidir na costais sin a chinneadh ag an gcéim seo toisc nár cuireadh tús ceart leis an gcaibidlíocht go fóill.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Meastar go mairfidh an próiseas caibidlíochta go dtí 2024, agus féadfar an Coinbhinsiún a shíniú agus a thabhairt i gcrích dá éis sin. Moltar sa tionscnamh leanúint le próiseas caibidlíochta atá oscailte, cuimsitheach agus trédhearcach.

Moladh le haghaidh

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear an chaibidlíocht le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don Mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Nollaig 2019, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rún 74/247 maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil, agus chinn sé coiste saineolaithe idir-rialtasach ad hoc neamhiata a bhunú a bheadh ionadaíoch do na réigiúin uile, chun coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta a fhorbairt maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil[35]. Ba cheart don Aontas a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht ar an gcoinbhinsiún seo.

(2) Tá rialacha comhchoiteanna glactha ag an Aontas a bhfuil forluí eatarthu agus roinnt gnéithe atá á meas le haghaidh an choinbhinsiúin sin. Áirítear leis na rialacha comhchoiteanna sin go háirithe sraith chuimsitheach ionstraimí maidir leis an dlí coiriúil substainteach[36], maidir le comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla[37], maidir le híoschaighdeáin le haghaidh cearta nós imeachta[38], chomh

---

[35] Rún arna ghlacadh ag an gComhthionól Ginearálta an 27 Nollaig 2019 maidir le tuarascáil an Tríú Coiste (A/74/401)], Cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil, A/RES/74/247

[36] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí- úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle, IO L 335, 17.12.2011, lgh. 1–14; Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle, IO L 218, 14.8.2013, lgh. 8–14; Treoir (AE) 2019/713 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle, PE/89/2018/REV/3, IO L 123, 10.5.2019, lgh. 18–29.

[37] Gníomh ón gComhairle an 29.5.2000 lena mbunaítear an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, IO C 197, 12.7.2000, lch. 1; Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle, IO L 295, 21.11.2018; Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin, IO L 135, 24.5.2016, lch. 53; Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú, IO L 162, 20.6.2002, lch. 1; Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a

maith le cosaint sonraí agus coimircí príobháideachais[39]. Ba cheart rialacha comhchoiteanna amach anseo a chur san áireamh freisin[40].

(3) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh coinbhinsiún nua idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais nó raon feidhme na rialacha sin a athrú.

(4) Chun sláine dhlí an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go leanfaidh rialacha an dlí idirnáisiúnta agus rialacha dhlí an Aontais de bheith comhsheasmhach, is gá don Aontas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir le coinbhinsiún nua idirnáisiúnta chun cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil.

(5) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim an …

(6) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

---

chosc agus a shocrú, IO L 328, 15.12.2009, lch. 42; Treoir 2014/41/AE maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla, IO L 130, 1.5.2014, lch. 1.

38 Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla, IO L 280, 26.10.2010, lch. 1; Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla, IO L 142, 1.6.2012, lch. 1; Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair maidir leis an gceart chun dlíodóir a rochtain in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse, IO L 294, 6.11.2013, lch. 1; Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, IO L 297, 4.11.2016, lch. 1; Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi drochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, IO L 132, 21.5.2016, lch. 1; Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla, IO L 65, 11.3.2016, lch. 1.

39 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE; Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle; Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (An Treoir um phríobháideachas agus cumarsáid leictreonach), IO L 201, 31.7.2002, lgh. 37-47), arna leasú le Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009.

40 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla, 17 Aibreán 2018, COM/2018/225 final; Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla, an 17 Aibreán 2018, COM/2018/226 final.

[NÓ]

I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, thug Éire fógra [trína litir an ... ,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.]

(7) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, maidir le coinbhinsiún cuimsitheach i ndáil le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil.

*Airteagal 2*

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le coiste speisialta a ainmneoidh an Chomhairle.

*Airteagal 4*

Déanfar an Cinneadh seo agus an ceangal a ghabhann leis a chur ar fáil don phobal díreach tar éis a ghlactha.

*Airteagal 5*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*